Bhí cruinniú ag oifigigh idirchaidrimh ó Uasfhorais Iniúchóireachta de chuid na 28 mBallstát san Aontas Eorpach agus ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i Ríge na Laitvia, ar an 7 Aibreán, 2016

Is é an príomhchuspóir a bhí leis an gcruinniú sin ullmhúchán a dhéanamh don chruinniú a bheidh ag an gCoiste Tadhaill a reáchtálfar i mbliana sa Bhratasláiv ar an 20-21 Deireadh Fómhair, 2016, agus ina ndíreofar ar bheartais fuinnimh agus aeráide an Aontais. Phléigh na hoifigigh idirchaidrimh forbairtí agus gníomhaíochtaí nua lena mbreithniú ag an gCoiste Tadhaill, mar aon le tuarascálacha a chuir a gcuid meithleacha i láthair. Dhírigh siad ar shaincheisteanna eagraíochtúla agus rialachais a bhaineann le hobair an Chiste ó lá go lá, freisin.

Ar an 6 Aibreán, 2016, chas oifigigh idirchaidrimh Líonra na nUasfhoras Iniúchóireachta de chuid na dtíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha ar an Aontas, le chéile, chun plean oibre an Líonra a athbhreithniú agus a chur chun feidhme don bhliain 2016 agus ina dhiaidh.

Ríge, 7 Aibreán 2016